Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**13129/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0328(NLE)**

**UD 353**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Samhain 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 737 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 lena ndéantar na dleachtanna Comhtharaife Custaim uathrialaitheacha ar tháirgí áirithe talmhaíochta agus tionsclaíocha a chur ar fionraí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 737 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 737 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.11.2020
COM(2020) 737 final

2020/0328 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 lena ndéantar na dleachtanna Comhtharaife Custaim uathrialaitheacha ar tháirgí áirithe talmhaíochta agus tionsclaíocha a chur ar fionraí

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Chun soláthar leordhóthanach gan bhriseadh a áirithiú de tháirgí áirithe talmhaíochta agus tionsclaíocha nach dtáirgtear cainníocht leordhóthanach díobh nó nach dtáirgtear in aon chor san Aontas, agus chun aon suaitheadh sa mhargadh i gcás na dtáirgí sin a sheachaint, cuireadh roinnt dleachtanna Comhtharaife Custaim uathrialacha ar fionraí go páirteach nó go hiomlán le Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 ón gComhairle (dá ngairtear 'an Rialachán' anseo feasta).

Déantar an Rialachán a thabhairt cothrom le dáta gach sé mhí chun freastal ar riachtanais thionscal an Aontais. Tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún, le cúnamh ó Ghrúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha, ar gach iarraidh ó na Ballstáit le haghaidh fionraíochtaí taraife uathrialaitheacha.

Tar éis an athbhreithnithe sin, measann an Coimisiún go bhfuil bonn cirt le fionraí na ndleachtanna i gcás roinnt táirgí nua, ar táirgí iad nach liostaítear faoi láthair san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán. I ndáil le roinnt táirgí eile, is gá na coinníollacha a mhodhnú i dtaca le tuairisc an táirge, aicmiú an táirge, rátaí dleachta an táirge, agus i dtaca leis an gceanglas maidir le húsáid deiridh an táirge nó i dtaca leis an dáta a bheartaítear le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach. Táirgí a bhfuil fionraí dleachta ag gabháil leo nach bhfuil chun leas eacnamaíoch an Aontais níos mó, beartaítear iad a aistarraingt.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Níl tionchar ag an togra seo ar thíortha a bhfuil comhaontú um thrádáil fhabhrach acu leis an Aontas ná ar thíortha is iarrthóirí nó ar iarrthóirí ionchasacha i ndáil le comhaontuithe fabhracha leis an Aontas (e.g. Córas Ginearálaithe um Fhabhair; córas na trádála leis an ngrúpa tíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin; Comhaontuithe Saorthrádála).

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra i gcomhréir le beartais an Aontais i réimse na talmhaíochta, na trádála, na fiontraíochta, an chomhshaoil, na forbartha agus an chaidrimh sheachtraigh.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 31 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an togra seo.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Baineann an togra le hinniúlacht eisiach an Aontais. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta maidir leis.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta. Mar a shonraítear sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le fionraíochtaí dleachta agus taraif-chuótaí uathrialaitheacha, tá na bearta a bheartaítear i gcomhréir leis na prionsabail maidir le nósanna imeachta a shimpliú le

haghaidh oibreoirí atá i mbun trádáil eachtrach[1]. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

- **An rogha ionstraime**

De bhua Airteagal 31 de CFAE, "Déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, dleachtanna na Comhtharaife Custaim a shocrú". Dá bhrí sin, Rialachán ón gComhairle an ionstraim iomchuí sa chás seo.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Bhí scéim na bhfionraíochtaí uathrialaitheacha faoi réir staidéar meastóireachta a rinneadh in 2013. Is é an chonclúid a bhí ag an meastóireacht go bhfuil an bhunréasúnaíocht atá ann don scéim fós bailí. D'fhéadfadh gur shuntasach iad na coigiltis ar chostais a bheidh ann do ghnólachtaí an Aontais a bhíonn ag allmhairiú earraí faoin scéim. Ar an mbonn céanna, d'fhéadfadh tairbhí níos ginearálta a bheith leis na coigiltis sin, de réir an táirge, na cuideachta agus na hearnála, amhail borradh a chur faoin iomaíochas, modhanna táirgthe a dhéanamh níos éifeachtúla agus poist a chruthú nó a choimeád san Aontas. Is féidir teacht ar na mionsonraí maidir le coigiltis an rialacháin seo sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis seo.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Grúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha, grúpa atá comhdhéanta de thoscaireachtaí ó gach Ballstát agus ón Tuirc, thug sé cúnamh don Choimisiún chun an togra seo a mheas. Bhuail an grúpa le chéile trí huaire sular tháinig sé ar chomhaontú faoi na hathruithe a rinneadh ar an togra seo.

Rinne sé measúnú cúramach ar gach iarraidh (iarraidh nua, iarraidh le haghaidh leasú nó iarraidh le haghaidh scriosadh). Rinne sé scrúdú faoi leith ar gach cás chun a áirithiú nach raibh aon dochar á dhéanamh do tháirgeoirí an Aontais agus go raibh sé ag neartú agus ag daingniú iomaíochas táirgthe an Aontais. Is trí bhíthin comhphlé a rinne baill Ghrúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha an measúnú agus chuaigh na Ballstáit i gcomhairle leis na tionscail, leis na comhlachais, leis na comhlachais tráchtála agus leis na páirtithe leasmhara rannpháirteacha eile lena mbaineann.

Na fionraíochtaí taraifí uile a liostaítear bhí siad mar ábhar do na comhaontuithe nó do na comhréitithe a baineadh amach le linn chomhphléití Ghrúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha. Níor luadh aon riosca tromchúiseach ionchasach a mbeadh iarmhairtí do-athraithe aige.

- **Measúnú tionchair**

Is leasú de chineál teicniúil é an leasú atá á bheartú, agus é sin amháin, agus ní bhaineann sé ach le cumhdach na bhfionraíochtaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 ón gComhairle. Dá bhrí sin, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair le haghaidh an togra seo.

[1] IO C 363, 13.12.2011, lch. 6.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairt ag an togra ar chearta bhunúsacha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra seo ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam. Is fiú thart ar EUR 47,6 milliún in aghaidh na bliana na dleachtanna custaim nach mbaileofar de bharr an fhionraíocht a bheith ann. Is fiú EUR 38,1 milliún in aghaidh na bliana an tionchar diúltach ar acmhainní dílse traidisiúnta an bhuiséid (i.e. 80 % den iomlán). Leis an ráiteas airgeadais reachtach leagtar amach ar bhealach níos mionsonraithe impleachtaí buiséadacha an togra.

Is trí bhíthin ollioncam náisiúnta (OIN) na mBallstát, agus é bunaithe ar ranníocaíochtaí acmhainní dílse, a chúiteofar caillteanas ioncaim in acmhainní dílse traidisiúnta.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Na bearta a mholtar tá siad á mbainistiú laistigh de chreat Tharaif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh (TARIC) agus tá siad á gcur i bhfeidhm ag riaracháin chustaim na mBallstát.

2020/0328 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 lena ndéantar na dleachtanna Comhtharaife Custaim uathrialaitheacha ar tháirgí áirithe talmhaíochta agus tionsclaíocha a chur ar fionraí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun soláthar leordhóthanach gan bhriseadh a áirithiú de tháirgí áirithe talmhaíochta agus tionsclaíocha nach dtáirgtear san Aontas, agus, ar an gcaoi sin aon suaitheadh sa mhargadh le haghaidh na dtáirgí sin a sheachaint, cuireadh ar fionraí, i gcás na dtáirgí sin, le Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 ón gComhairle[1], na dleachtanna Comhtharaife Custaim den sórt dá dtagraítear in Airteagal 56(2)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2]. Is féidir na táirgí sin a allmhairiú isteach san Aontas ag rátaí laghdaithe dleachta nó ag rátaí nialasacha dleachta.

(2) I gcás táirgí áirithe nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013, ní tháirgtear méid leordhóthanach díobh nó ní tháirgtear in aon chor iad san Aontas. Dá bhrí sin, tá sé chun leas an Aontais na dleachtanna CCT ar na táirgí sin a chur ar fionraí go hiomlán.

(3) Chun táirgeadh comhtháite ceallraí san Aontas a chur chun cinn i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Bealtaine 2018 dar teideal 'Europe on the Move – Sustainable Mobility for Europe: safe, connected, and clean' ['An Eoraip ag Gluaiseacht – Soghluaisteacht Inbhuanaithe don Eoraip:slán, nasctha agus glan'][3], ba cheart fionraíocht pháirteach a dheonú maidir le dleachtanna CCT i leith táirgí áirithe nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013. Ina theannta sin, níor cheart ach fionraíocht pháirteach a dheonú maidir le dleachtanna CCT i leith táirgí áirithe atá faoi réir fionraíochtaí iomlána faoi láthair. Is é 31 Nollaig 2021 an dáta ba cheart a shocrú le haghaidh an athbhreithnithe shainordaithigh ar na fionraíochtaí sin, chun go mbeifear in ann an t-athbhreithniú sin a dhéanamh ag féachaint d'éabhlóid na hearnála ceallraí san Aontas.

---

1 Rialachán (AE) uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

2 Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena ndéantar na dleachtanna Comhtharaife Custaim uathrialaitheacha ar tháirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe a chur ar fionraí agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1344/2011 (IO L 354, 28.12.2013, lch. 201).

3 COM(2018) 293 final

(4) Chun forbairtí teicniúla na dtáirgí agus treochtaí eacnamaíocha sa mhargadh a chur san áireamh, is gá tuairisc an táirge, aicmiú an táirge agus an ceanglas maidir le húsáid deiridh an táirge a leasú i gcás fionraíochtaí dleachta CCT áirithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013.

(5) Rinneadh athbhreithniú ar fhionraíochtaí dleachta CCT áirithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013. Ba cheart dátaí nua a shocrú le haghaidh an chéad athbhreithniú sainordaitheach eile.

(6) Níl sé chun leas an Aontais a thuilleadh fionraíocht dleachtanna CCT a choinneáil ar bun i gcás táirgí áirithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013. Dá bhrí sin, ba cheart fionraíochtaí na dtáirgí sin a aistarraingt. Thairis sin, i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2011 maidir le taraif-fhionraíochtaí agus taraif-chuótaí uathrialaitheacha[4], ní fhéadfar, ar chúiseanna praiticiúla, iarratais ar fhionraíochtaí taraife nó ar chuótaí a bhreithniú i gcás ina meastar gur lú méid an dleachta custaim nach mbaileofar ná EUR 15 000 in aghaidh na bliana. I dtaca le fionraíochtaí i gcás táirgí nach mbaineann an tairseach sin amach, de réir mar a léirítear leis an athbhreithniú sainordaitheach, ba cheart na fionraíochtaí sin a aistarraingt as an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 a leasú dá réir.

(8) Chun nach gcuirfear isteach ar chur i bhfeidhm scéim na taraif-fhionraíochta uathrialaithí agus chun na treoirlínte a leagtar amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2011 maidir le taraif-fhionraíochtaí agus taraif-chuótaí uathrialaitheacha a chomhlíonadh, ba cheart na hathruithe dá bhforáiltear leis an Rialachán seo maidir le fionraíochtaí na dtáirgí lena mbaineann a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021. Ba cheart an Rialachán seo a thabhairt i bhfeidhm ar bhonn práinne,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

---

4 IO C 363, 13.12.2011, lch. 6.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. 1. AINM AN TOGRA:

Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 lena ndéantar na dleachtanna uathrialaitheacha Comhtharaife Custaim ar tháirgí áirithe talmhaíochta agus tionsclaíocha a chur ar fionraí

## 2. LÍNTE BUISÉID:

Caibidil agus Airteagal: Caibidil 12, Airteagal 120

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana 2021: 17 605 700 000

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS

☐ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra

X Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra seo ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam - is mar seo a leanas a bheidh an éifeacht:

(EUR milliún go dtí an chéad deachúil)

| Líne buiséid | Ioncam | Tréimhse 12 mhí dar tús ll/mm/bbbb | [Bliain 2021] |
|---|---|---|---|
| Airteagal 120 | *Tionchar ar acmhainní dílse* | 01/01/2021 | -38,1 |

| Staid tar éis na gníomhaíochta | |
|---|---|
| | [2021 – 2025] |
| Airteagal 120 | - 38,1 EUR milliún/ bliain |

Tá 83 dtáirge nua san iarscríbhinn. Na dleachtanna nach mbaileofar de bharr an fhionraíocht a bheith ann, arna ríomh ar bhonn réamh-mheastacháin an Bhallstáit iarrthaigh le haghaidh na tréimhse 2021 go dtí 2025, is fiú EUR 37,6 milliún in aghaidh na bliana iad.

Ar bhonn na staitisticí atá ann cheana i ndáil leis na blianta roimhe sin, is dealraitheach, áfach, gur gá an méid sin a mhéadú faoi mheánfhachtóir, meánfhachtóir a meastar gurb ionann é agus 1,8 chun allmhairí a thagann isteach go Ballstáit eile a bhfuil na fionraíochtaí céanna in úsáid acu a chur san áireamh. Is éard atá i gceist leis sin dleachtanna nach mbaileofar arbh fhiú EUR 67,7 milliún in aghaidh na bliana iad.

I gcás ceithre fhionraíocht atá ann cheana, méadaíodh an ráta nialasach dleachta. Is ionann sin agus méadú EUR 0,3 milliún in aghaidh na bliana i gcás bailiú dleachtanna, agus é sin de réir meastachán ar bhonn staitisticí 2019.

Tarraingíodh siar 116 dtáirge ón Iarscríbhinn seo, rud a léiríonn gur tugadh isteach dleachtanna custaim athuair. Is ionann sin agus méadú EUR 19,8 milliún in aghaidh na bliana i gcás bailiú dleachtanna, mar a mheastar ar bhonn staitisticí 2019.

Ar bhonn a bhfuil thuas meastar gurb é 67,7 – 19,8 – 0,3 = EUR 47,6 milliún (an méid comhlán, lena n-áirítear costais bhailithe) x 0.8 = EUR 38,1 milliún in aghaidh na bliana le haghaidh na tréimhse 01.01.2021 - 31.12.2025 an tionchar a bheidh ag an Rialachán seo i dtaca le caillteanas ioncaim do bhuiséad an Aontais.

## 4. BEARTA FRITHCHALAOISE

I gcomhréir le hAirteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, déanfar seiceálacha ar úsáid deiridh roinnt de na táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo ón gComhairle.

Thairis sin, féadfaidh na Ballstáit aon rialú custaim a mheasann siad is cuí de réir a gcuid bainistíochta riosca a dhéanamh, mar a fhoráiltear in Airteagal 46 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais.